

Olltoghchán 2020

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi Shinn Féin agus faoi dhíospóireacht na gceannairí. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat brí na bhfocal agus na bhfrásaí seo a aimsiú?

- ♣ ag gearán
- ♣ i mbun feachtais
- ♣ polasaí tithíochta agus cíosa
- ♣ conspóid
- ♣ i bhfianaise na pobalbhreithe is déanaí
- ♣ aighneacht oifigiúil
- ♣ cuir faoi bhráid
- ♣ i gcomhlúadar



Ceist 2

Féach ar an tuairisc den chéad uair agus scríobh achoimre ghearr faoi ábhar na míre.

An raibh an t-eolas céanna ag an duine in aice leat?

Ceist 3

Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cén fáth a raibh Sinn Féin ag gearán?
2. Cén fáth nach raibh an pobal ag iarraidh a bheith ag labhairt faoi pholasaithe Shinn Féin nuair a bhí Mary Lou McDonald i mbun feachtais?
3. Cén fáth ar luadh Pearse Doherty sa mhír?
4. Cad a dúirt ceannairí Fhine Gael agus Fhianna Fáil faoi cheist na díospóireachta?
5. Cad a dúirt Brendan Howlin sa tuairisc?

Ceist 4 Réamhfocal agus an t-alt

Féach ar an tuairisc arís agus breac síos gach sampla den réamhfocal agus an t-alt a chloiseann tú inti.

Ceist 5 ‘...is tábhachtaí...’

Féach ar na samplaí eile seo a leanas:

is/níos fuiltí
is/níos suimiúla
is/níos cliste
is/níos débhríche

Anois bain amach na lúibíní sna habairtí thíos agus cuir an fhoirm cheart den aidiacht sna bearnaí.

1. Is é Seán an duine is (dathúil) _____ sa rang.
2. Tá na bláthanna sin níos (buí) _____ ná na bláthanna eile.
3. Tá an príomhbhóthar níos (díreach) _____ ná an seanbhóthar.
4. Iadsan na daoine is (cróga) _____ sa tír.
5. Nach gceapann tú go bhfuil an ceacht seo níos (éasca) _____?
6. Sílim go bhfuil Cian níos (imníoch) _____ ná Siobhán faoin eachtra.
7. Is cinnte gur mise an duine is (misniúil) _____.
8. Níl duine ar domhan níos (sotalach) _____ ná an bhean sin.

Ceist 6 Tá díospóireacht cheannairí mhórpháirtithe polaitíochta na hÉireann thart anois. Pléigh a bhfuil ar eolas agat faoi thorthaí na díospóireachta sin leis an duine in aice leat.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

ag gearán: complaining

i mbun feachtais: campaigning

polasaí tithíochta agus cíosa: housing and rental policy

conspóid: controversy

i bhfianaise na pobalbhreithe is déanaí: in light of the latest poll

aighneacht oifigiúil: official submission, complaint

cuir faoi bhráid: to put before, submit

i gcomhlúadar: in company with, among

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

- sa díospóireacht
- ar an gclár
- san oíche
- faoin gconspóid
- ag an phobal
- leis an gceist
- sa díospóireacht
- roimh an gcinneadh
- sa díospóireacht
- ar an gclár
- san oíche

Ceist 5

1. Is é Seán an duine is **dathúla** sa rang.
2. Tá na bláthanna sin níos **buí** ná na bláthanna eile.
3. Tá an príomhbhóthar níos **díri** ná an seanbhóthar.
4. Iadsan na daoine is **cróga** sa tír.
5. Nach gceapann tú go bhfuil an ceacht seo níos **éasca**?
6. Sílim go bhfuil Cian níos **imníche** ná Siobhán faoin eachtra.
7. Is cinnte gur mise an duine is **misniúla**.
8. Níl duine ar domhan níos **sotalaí** ná an bhean sin.

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin an topaic a phlé leis an rang iomlán.

Máire T. Ní Mhadaoin

Bail ó Dhia oraibh. Tá sé fógartha go mbeidh Uachtarán Shinn Féin, Mary Lou McDonald, páirteach sa díospóireacht ar an gclár *Prime Time* ar RTÉ san oíche amárach. Bhí an páirtí ag gearán nár tugadh cuireadh di roimhe seo agus nach raibh ach ceannairí Fhine Gael agus Fhianna Fáil le bheith páirteach ann.

Caoimhe Ní Laighin

Uachtarán Shinn Féin amuigh i mbun feachtais i gCluain Dolcáin inniu. Bhí sí ag caint ansin faoi pholasaí tithíochta agus cíosa Shinn Féin. Ach, bhí gach duine ag iarraidh caint faoin gconspóid maidir le RTÉ, go háirithe i bhfianaise na pobalbhreithe is deireanaí, a léirigh go bhfuil Sinn Féin ar comhchéim le Fianna Fáil ó thaobh tacaíochta de, agus, chun tosaigh ar Fhine Gael.

Mary Lou McDonald, Uachtarán Shinn Féin

An rud is tábhachtaí go mbeadh rogha ag an phobal... cén sórt rialtais a bheadh ann agus níl sé *credible*¹ díospóireacht a bheith ann gan Sinn Féin.

Caoimhe Ní Laighin

Chuir Pearse Doherty, Sinn Féin, aighneacht oifigiúil faoi bhráid RTÉ inné maidir leis an gceist seo. Agus d'fhógair RTÉ ar ball go mbeidís ag tabhairt cuireadh do Mary Lou McDonald a bheith páirteach sa díospóireacht amárach, i gcomhlúadar cheannairí Fhine Gael agus Fhianna Fáil.

Bhí sé ráite cheana ag Leo Varadkar agus Micheál Martin nach mbeadh aon fhadhb acu dá mbeadh sí páirteach ann. Tá cuireadh tugtha anois freisin do cheannairí na bpáirtithe eile. Chuir Páirtí an Lucht Oibre fáilte roimh an gcinneadh sin inniu.

Brendan Howlin, Ceannaire Pháirtí an Lucht Oibre

Ba chóir go mbeadh an páirtí, ár bpáirtí, ag glacadh páirte² sa díospóireacht chomh maith, chun go mbeadh gach páirtí ag tabhairt a thuairime os comhair na ndaoine roimh dheireadh na seachtaine seo.

Beidh an díospóireacht ar an gclár *Prime Time* san oíche amárach.

Caoimhe Ní Laighin, Nuacht TG4

¹ *inchreidte* an leagan Gaeilge

² *ag páirtghlacadh* a dúradh